C/2026/4086

24.7.2026

TUAIRIM ÓN gCOIMISIÚN

an 2 Meitheamh 2026

maidir leis an riachtanas agus leis an gcomhréireacht a bhaineann le rialú teorann arna athbhunú ag an tSualainn ag a teorainneacha inmheánacha i gcomhréir le hAirteagal 27a(3) de Rialachán (AE) 2016/399 (Cód Teorainneacha Schengen)

(is é an téacs Sualainnise amháin atá barántúil)

(C/2026/4086)

(1) I gcomhréir le hAirteagal 3(2) den Chonradh ar an Aontas Eorpach, cuirfidh an tAontas ar fáil dá shaoránaigh limistéar saoirse, slándála agus ceartais, gan teorainneacha inmheánacha, ina n-áiritheofar saorghluaiseacht daoine i dteannta le bearta iomchuí maidir le rialuithe ar theorainneacha seachtracha, tearmann agus inimirce, maille leis an gcoirpeacht a chosc agus a chomhrac.

(2) De bhun Airteagal 25 de Rialachán (AE) 2016/399 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le Cód an Aontais maidir leis na rialacha lena rialaítear gluaiseacht daoine thar theorainneacha (Cód Teorainneacha Schengen) (códú) ([1]), d'fhéadfadh Ballstát, nuair a bhíonn bagairt thromchúiseach ann ar an mbeartas poiblí nó ar an tslándáil inmheánach, rialú teorann a athbhunú ar bhonn eisceachtúil sealadach ag a theorainneacha inmheánacha ar fad nó ag codanna sonracha dá theorainneacha inmheánacha. Níor cheart an méid sin a dhéanamh ach amháin mar rogha dheiridh agus maidir le raon feidhme agus fad athbhunú sealadach an rialaithe teorann, níor cheart go sáródh sé sin an méid is gá chun freagairt don bhagairt thromchúiseach a sainaithníodh.

(3) Sonraítear in Airteagal 25a (4) de Chód Teorainneacha Schengen, i gcás ina bhfuil sé beartaithe ag Ballstát rialú teorann ag teorainneacha inmheánacha a athbhunú chun aghaidh a thabhairt ar bhagairt thromchúiseach intuartha, nach mór dó fógra a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa, don Chomhairle, don Choimisiún agus do na Ballstáit eile maidir le hathbhunú beartaithe an rialaithe sin, 4 seachtaine ar a dhéanaí roimh athbhunú an rialaithe teorann atá beartaithe, nó a luaithe is féidir i gcás ina bhfuil an Ballstát ar an eolas faoi na himthosca is cúis leis an ngá le rialú teorann ag teorainneacha inmheánacha a athbhunú níos lú ná 4 seachtaine roimh an athbhunú atá beartaithe.

(4) Ceanglaítear le hAirteagal 27a(3) de Chód Teorainneacha Schengen ar an gCoimisiún, tar éis dó fógraí a fháil arna gcur isteach i ndáil le rialú teorann ag an teorainn inmheánach a fhadú faoi Airteagal 25a(4) arb é a bhíonn mar thoradh air sin go leantar den rialú ag teorainneacha inmheánacha ar feadh níos mó ná 12 mhí san iomlán, ar bhonn an fhorais chéanna, tuairim a eisiúint maidir leis an riachtanas agus leis an gcomhréireacht a bhaineann leis an rialú teorann sin.

(5) Rinneadh athbhreithniú substaintiúil ar an gcreat chun rialú teorann inmheánaí a athbhunú agus a fhadú le Rialachán (AE) 2024/1717 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, a tháinig i bhfeidhm an 10 Iúil 2024 ([2]). Dá réir sin, rinneadh tús na dtréimhsí uile dá dtagraítear i dTeideal III, Caibidil II de Chód Teorainneacha Schengen a ríomh ón dáta sin.

(6) Le litir dar dáta an 7 Deireadh Fómhair 2024, thug údaráis na Sualainne fógra faoi rialú teorann a athbhunú ar bhonn Airteagal 25a de Chód Teorainneacha Schengen, ag na teorainneacha inmheánacha ar fad (teorainneacha talún, muirí agus aer) ar feadh tréimhse 6 mhí, ón 12 Samhain 2024 go dtí an 11 Bealtaine 2025.

([1]) (IO L 77, 23.3.2016, lch. 1).

([2]) Rialachán (AE) 2024/1717 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 lena leasaítear Rialachán (AE) 2016/399 maidir le Cód an Aontais maidir leis na rialacha lena rialaítear gluaiseacht daoine thar theorainneacha (IO L, 2024/1717, 20.6.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1717/oj).

(7) Le litir dar dáta an 8 Aibreán 2025, thug údaráis na Sualainne fógra faoin athbhunú a fhadú ar feadh tréimhse bhreise 6 mhí, ón 12 Bealtaine 2025 go dtí an 11 Samhain 2025. Le litir dar dáta an 7 Deireadh Fómhair 2025, thug údaráis na Sualainne fógra faoi athbhunú an rialaithe teorann inmheánaí a fhadú an dara huair ar feadh tréimhse bhreise 6 mhí, ón 12 Samhain 2025 go dtí an 11 Bealtaine 2026. Le litir dar dáta an 30 Aibreán 2026, thug údaráis na Sualainne fógra faoi athbhunú an rialaithe teorann inmheánaí a fhadú an tríú huair ar feadh tréimhse bhreise 6 mhí, ón 12 Bealtaine 2026 go dtí an 11 Samhain 2026.

(8) Bhí an tSualainn páirteach in idirphlé struchtúrtha an Choimisiúin maidir le hathbhunú an rialaithe teorann inmheánaí. Tar éis fógra a fháil ón tSualainn maidir le fadú, leanadh den idirphlé struchtúrtha sin mar chuid de phróiseas comhairliúcháin dá bhforáiltear le hAirteagal 27a(4) de Chód Teorainneacha Schengen.

(9) Tugadh tuairisc ar staid na himeartha faoi láthair ag na teorainneacha inmheánacha sa Tuarascáil ar Staid Schengen an 23 Aibreán 2025 ([3]) agus pléitear go tráthrialta í ag Comhairle Schengen.

(10) Ós rud é gur athbhunaíodh rialú teorann inmheánaí, agus go ndearnadh é a fhadú ar bhonn an fhorais chéanna ar feadh tréimhse leanúnach níos faide ná 12 mhí san iomlán, tá an Coimisiún le tuairim a eisiúint maidir leis an riachtanas agus leis an gcomhréireacht a bhaineann leis an rialú teorann sin.

(11) Tar éis measúnú a dhéanamh ar na fógraí, arna bhforlíonadh leis an bhfaisnéis a soláthraíodh faoi chuimsiú an phróisis comhairliúcháin agus doiciméid oifigiúla eile, nithe atá ar fáil go poiblí, glacann an Coimisiún an Tuairim seo.

MEASÚNÚ AR NA FÓGRAÍ

I. CEANGLAIS FHOIRMIÚLA

(12) Faoi chuimsiú fógraí, forchuirtear roinnt oibleagáidí foirmiúla ar na Ballstáit le Cód Teorainneacha Schengen.

(13) Tugann an Coimisiún faoi deara gur tugadh fógraí faoi athbhunú an rialaithe teorann inmheánaí chomh maith leis na faduithe air i gcomhréir leis na teorainneacha ama a leagtar amach in Airteagal 25a(4) de Chód Teorainneacha Schengen, is é sin 4 seachtaine ar a dhéanaí roimh theacht i bhfeidhm athbhunú nó fhadú an rialaithe teorann inmheánaí.

(14) Tugadh na fógraí sin i gcomhréir leis an teimpléad a bunaíodh chun na críche sin le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/315 ón gCoimisiún ([4]).

(15) Tagraíonn siad go sonrach d'athbhunú an rialaithe ag an teorainn inmheánach talún leis an Danmhairg ag an mbealach amach le haghaidh trácht traenach agus trácht feithiclí ó dhroichead Öresund. Luaitear sna fógraí, áfach, go bhféadfaí seiceálacha a dhéanamh freisin ag calafoirt agus aerfoirt chathracha Stócólm, Göteborg, Malmö agus Västerås, agus ag aon cheann de na teorainneacha inmheánacha eile, aon uair is gá sin ar bhonn anailís riosca, faisnéise nó faisnéis ábhartha eile. Mar sin féin, ós rud é go gceadaítear le hAirteagal 25 de Chód Teorainneacha Schengen do Bhallstát rialú teorann inmheánaí a athbhunú láithreach i gcás imeachtaí nárbh fhéidir a thuar, ní mheasann an Coimisiún go gceadaítear le fógra faoi Airteagal 27(1) athbhunú coinníollach den sórt sin a dhéanamh i leith rialú teorann inmheánaí.

([3]) COM (2025) 185 final.

([4]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/315 ón gCoimisiún an 14 Feabhra 2025 lena mbunaítear teimpléad chun fógra a thabhairt maidir le rialú teorann ag teorainneacha inmheánacha a athbhunú nó a fhadú ar bhonn sealadach (IO L, 2025/315, 17.2.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2025/315/oj).

(16) Le hAirteagal 27(2) de Chód Teorainneacha Schengen, ceanglaítear ar na Ballstáit, i gcásanna ina bhfuil an rialú teorann i bhfeidhm ar feadh 6 mhí, measúnú riosca a sholáthar in aon fhógra ina dhiaidh sin ina léireofar scála agus éabhlóid réamh-mheasta na bagartha tromchúisí. Cé go bhféadfadh sé a bheith deacair do na húdaráis náisiúnta measúnú beacht a dhéanamh ar scála agus ar fhad réamh-mheasta na bagartha tromchúisí mar gheall ar a cineál casta, tugann an Coimisiún dá aire, san fhaisnéis atá sna fógraí a sholáthair údaráis na Sualainne, nach measúnú riosca mionsonraithe atá inti de bhun Airteagal 27(2) de Chód Teorainneacha Schengen, ina gcuirtear san áireamh treochtaí ó thaobh fhorbairt na bagartha tromchúisí sa tréimhse roimh athbhunú an rialaithe teorann inmheánaí, agus ina n-úsáidtear anailísí riosca arna n-ullmhú ar an leibhéal náisiúnta agus ag gníomhaireachtaí ábhartha de chuid an Aontais.

(17) Tugann an Coimisiún dá aire gur coinníodh faisnéis mhionsonraithe agus oibríochtúil siar ón bhfógra mar gheall ar a gaol le hábhair leasa náisiúnta agus slándála inmheánaí, agus ar chúiseanna imscrúduithe coiriúla leanúnacha. Le hAirteagal 27(5) de Chód Teorainneacha Schengen, ceadaítear go deimhin do na Ballstáit faisnéis a eisiamh maidir leis an mbagairt thromchúiseach ar an mbeartas poiblí nó ar an tslándáil náisiúnta ar bhonn foras slándála poiblí, agus rúndacht imscrúduithe leanúnacha á cur san áireamh.

(18) Tugann an Coimisiún dá aire nár chuir an tSualainn tuarascáil isteach i gcomhréir le hAirteagal 33(2) de Chód Teorainneacha Schengen, lena gceanglaítear ar Bhallstát tuarascáil a chur isteach maidir le hathbhunú agus fadú an rialaithe teorann inmheánaí tráth a théann 12 mhí in éag, arbh é an 12 Samhain 2025 a bheadh ann.

II. RIACHTANAS AGUS COMHRÉIREACHT

Seasamh Údaráis na Sualainne

(19) Agraíonn údaráis na Sualainne bagairt thromchúiseach ar an mbeartas poiblí agus ar an tslándáil inmheánach a bhaineann le teagmhais sceimhlitheoireachta agus bagairt na coireachta eagraithe tromchúisí.

(20) Tarraingíonn údaráis na Sualainne aird ar an méid seo a leanas:

— gníomhaíochtaí leanúnacha líonraí coiriúla a bhfuil naisc idirnáisiúnta acu agus a oibríonn thar theorainneacha, mar aon le coinbhleachtaí eatarthu;

— tásca go bhfuil gníomhaithe eachtracha ag úsáid agus ag earcú baill de líonraí coiriúla ar mhaithe lena leas féin;

— An tSualainn mar sprioc fhéideartha ag grúpaí agus daoine aonair Ioslamacha atá foréigneach.

(21) Thairis sin, tharla sraith teagmhas tromchúiseach a bhain le harmra agus pléascáin de ghrád míleata a bhí dírithe ar institiúidí stáit eachtracha agus ar an bpobal i gcoitinne.

(22) Dá bhrí sin, is é an t-aon uirlis oiriúnach chun sreabha móra paisinéirí a sheiceáil rialú teorann inmheánaí a athbhunú, amhail ag an bpointe trasnaithe teorann talún ag droichead Øresund idir an Danmhairg agus an tSualainn. Cuireann an t-athbhunú ar a gcumas d'Údarás Póilíneachta na Sualainne spotseiceálacha a dhéanamh agus faisnéis a bhailiú agus láithreacht ghníomhach póilíní a choinneáil an tráth céanna.

(23) Fuarthas torthaí luachmhara trí rialú teorann inmheánaí a athbhunú, rud nach bhfaighfí murach sin.

(24) Déantar an rialú teorann inmheánaí ar bhonn faisnéise agus anailís riosca, agus déantar é i bhfoirm spotseiceálacha neamhchórasacha. Tá Údarás Póilíneachta na Sualainne freagrach as anailís straitéiseach agus as an gcinnteoireacht oibríochtúil maidir le raon feidhme, minicíocht agus suíomh na seiceálacha.

Barúlacha ón gCoimisiún

(25) Chuir údaráis na Sualainne faisnéis ar fáil maidir leis na gnéithe éagsúla de na bagairtí tromchúiseacha sainaitheanta ar an tslándáil inmheánach agus ar an mbeartas poiblí chomh maith le hargóintí chun bunús a thabhairt leis an riachtanas agus leis an gcomhréireacht a bhaineann leis an rialú teorann a athbhunaíodh.

(26) Tugann an Coimisiún faoi deara go bhfuil staid chasta slándála roimh an tSualainn.

(27) D'fhéadfadh sé go rannchuideoidh athbhunú an rialaithe teorann inmheánaí le haghaidh a thabhairt ar bhagairt thromchúiseach ar an tslándáil inmheánach, go háirithe maidir le gníomhaíochtaí trasteorann eagraíochtaí coiriúla.

(28) Aithníonn an Coimisiún an ceart chun faisnéis a choinneáil siar ar fhoras slándála poiblí. Mar sin féin, measann an Coimisiún nár cuireadh faisnéis leordhóthanach ar fáil, amhail staidreamh ginearálta maidir le coireacht trasteorann, measúnú ginearálta ar bhagairt na sceimhlitheoireachta, chomh maith le faisnéis bhreise faoin gcaoi a rabhthas in ann aghaidh a thabhairt ar an mbagairt thromchúiseach a sainaithníodh le linn na chéad 12 mhí d'athbhunú an rialaithe teorann inmheánaí.

(29) Ní luaitear sna fógraí cúiseanna sonracha le rogha an raon feidhme gheografaigh agus ama a bhaineann le rialú teorann inmheánaí a athbhunú. Ní thugtar aon mhíniú ar an bhfáth ar cosúil gurb é an fad 6 mhí, seachas tréimhse níos giorra, an tréimhse is iomchuí, ná ar an gcaoi go sonrach arb í teorainn talún na Sualainne leis an Danmhairg an teorainn talún is mó a ndéanann an bhagairt thromchúiseach atá mar bhonn le rialú teorainn inmheánaí a athbhunú difear di, rud a thugann údar maith leis an rialú sa chleachtas a athbhunú ag an teorainn shonrach sin amháin.

(30) Ní thugtar aon mhíniú ar an bhfáth nach leor bearta malartacha, amhail seiceálacha póilíneachta i limistéir teorann agus comhar póilíneachta trasteorann, chun aghaidh a thabhairt ar na bagairtí tromchúiseacha a sainaithníodh.

(31) Tá deireadh curtha cheana féin ag an Danmhairg le rialú teorann inmheánaí ag an teorainn inmheánach idir an tSualainn agus an Danmhairg, rud a rinneadh ar bhonn a comhair póilíneachta rathúil leis an tSualainn.

III. BEARTA MALARTACHA

Seasamh Údaráis na Sualainne

(32) De réir údaráis na Sualainne, comhlánaíonn bearta malartacha, amhail seiceálacha póilíneachta i limistéir teorann agus comhar trasteorann le Ballstáit chomharsanachta, athbhunú an rialaithe teorann inmheánaí mar chuid de 'chur chuige iomlán' cuimsitheach.

(33) Tháinig reachtaíocht nua lena gcumasaítear seiceálacha póilíneachta i limistéir teorann i bhfeidhm sa tSualainn an 1 Lúnasa 2023. Tá Údarás Póilíneachta na Sualainne ag obair ar chur chun feidhme na reachtaíochta sin, agus tá modhanna agus straitéisí á bhforbairt aige.

(34) Coinníonn údaráis na Sualainne dianchomhar póilíneachta ar bun leis na tíortha comharsanachta uile i limistéir teorann, faoi chuimsiú comhaontuithe comhair nuashonraithe agus laistigh de stáisiúin phóilíní chomhpháirteacha. Glacann na tíortha Nordacha uile páirt sa Chomhar Póilíneachta Nordach, faoina n-éascaíonn an foghrúpa Nordach um Léiriú Staide comhroinnt faisnéise agus malartuithe faisnéise oibríochtúla ar bhonn tráthrialta. Tá an comhar an-dlúth i réigiúin teorann.

(35) Tháinig comhaontú maidir le comhar póilíneachta sa limistéar teorann idir an Fhionlainn agus an tSualainn i bhfeidhm an 1 Feabhra 2025.

(36) Osclaíodh stáisiún póilíní comhpháirteach nua ar an teorainn idir an Iorua agus an tSualainn in Magnormoen i mí Mheán Fómhair 2025.

(37) Mar sin féin, áitíonn údaráis na Sualainne, tar éis breithniú agus idirphlé cúramach a dhéanamh leis an Údarás Póilíneachta, go measann siad nach leor seiceálacha póilíneachta i limistéir teorann mar rogha mhalartach ar rialú teorann inmheánaí a athbhunú, mar gheall ar theorainneacha praiticiúla agus dlíthiúla.

Barúlacha ón gCoimisiún

(38) Tugann an Coimisiún dá aire go bhfuil bearta malartacha á gcur i bhfeidhm go gníomhach ag an tSualainn mar aon le hathbhunú an rialaithe teorann inmheánaí.

(39) Tugann an Coimisiún dá aire gur ann do chomhaontuithe comhair agus stáisiúin phóilíní le tíortha comharsanachta.

(40) Mar sin féin, níl faisnéis leordhóthanach curtha ar fáil ag údaráis na Sualainne maidir leis an bhfáth nach féidir leis na seiceálacha póilíneachta i limistéir teorann a bheith ina rogha mhalartach ar rialú teorann inmheánaí a athbhunú, go háirithe i bhfianaise na reachtaíochta nua atá i bhfeidhm ó bhí 1 Lúnasa 2023 ann, lena gceadaítear seiceálacha póilíneachta i limistéir teorann.

(41) Meabhraíonn an Coimisiún, dá ndéanfadh an tSualainn seiceálacha póilíneachta in ionad rialú teorann inmheánaí, go gceadófaí i gcónaí d'údaráis na Sualainne le hAirteagal 25 de Chód Teorainneacha Schengen rialú teorann inmheánaí a athbhunú láithreach dá mba gá sin chun aghaidh a thabhairt ar bhagairt thromchúiseach ar an mbeartas poiblí agus ar an tslándáil náisiúnta a thiocfadh chun cinn gan choinne mar gheall ar imeachtaí nárbh fhéidir a thuar.

IV. BEARTA MAOLAITHE

Seasamh Údaráis na Sualainne

(42) Áitíonn údaráis na Sualainne go n-áirithítear go leanfaidh tionchar an rialaithe athbhunaithe de bheith íosta, rud a thugtar an-aird air, agus go mbeidh sé fós ina thosaíocht éifeachtaí an rialaithe teorann athbhunaithe ag teorainneacha inmheánacha a mhaolú.

(43) Déantar rialú teorann inmheánaí i bhfoirm spotseiceálacha neamhchórasacha, seiceálacha a dhéantar de réir faisnéise agus anailís riosca. Déantar na spotseiceálacha sin chomh tapa agus is féidir agus ar bhealach a mbeadh an méid is lú cur isteach ann is féidir.

(44) De réir údaráis na Sualainne, is beag fós an éifeacht atá ag an rialú athbhunaithe ar ghluaiseacht trasteorann daoine. Tá tionchar na rialuithe teoranta mar gheall ar choigeartuithe ar amchláir traenach agus trí phaisinéirí a sheiceáil ag an gcéad stad sceidealaithe ar chríoch na Sualainne. Ós rud é go bhfuil moilleanna ar thrácht traenach fós teoranta, níl comhaontú idir an tSualainn agus an Danmhairg curtha i bhfeidhm lena gceadaítear seiceálacha a dhéanamh ar thraenacha atá ag gluaiseacht thar dhroichead Öresund.

(45) Tugann údaráis na Sualainne dá n-aire go bhfuil an t-idirphlé le páirtithe leasmhara san earnáil iompair agus leis an Údarás Póilíneachta treisithe chun teacht ar réitigh phraiticiúla do chomaitéirí agus do dhaoine eile den phobal sna réigiúin a ndéantar difear dóibh.

Barúlacha ón gCoimisiún

(46) Léirítear sna fógraí a chuir údaráis na Sualainne isteach go bhfuil siad tiomanta a áirithiú go leanfaidh tionchar an rialaithe teorann inmheánaí de bheith teoranta mar a cheanglaítear le hAirteagal 26(3) de Chód Teorainneacha Schengen.

(47) Tugann an Coimisiún dá aire go ndéantar rialú teorann ar bhealach spriocdhírithe rioscabhunaithe, chun an tionchar ar thaisteal trasteorann a theorannú.

(48) Tugann an Coimisiún dá aire an t-idirphlé treisithe le páirtithe leasmhara san earnáil iompair chomh maith leis an Údarás Póilíneachta. Mar sin féin, ní luaitear an riocht a bheidh ar an idirphlé sin, ná na fadhbanna sonracha a bhíonn ag comaitéirí agus ag daoine eile den phobal agus na bearta atá déanta chun aghaidh a thabhairt ar na hábhair imní sin.

(49) Tá fógra tugtha ag an tSualainn faoina réigiúin trasteorann faoi Airteagal 42b de Chód Teorainneacha Schengen.

(50) Ar deireadh, an fhaisnéis shonrach maidir leis an éifeacht atá ag athbhunú an rialaithe teorann inmheánaí ar an réigiún trasteorann is mó a mbaineann athbhunú an rialaithe teorann inmheánaí leis, is é sin bardas Malmo, tá an fhaisnéis sin in easnamh, agus is cuma má tá sí teoranta sa chéad dul síos.

V. MOLTAÍ

(51) Cuireann an Coimisiún i dtábhacht go bhféadfadh sé gur modh níos éifeachtúla agus níos éifeachtaí é leas iomlán a bhaint as na bearta malartacha atá ar fáil a leagtar amach i Moladh (AE) 2024/268 ón gCoimisiún ([5]) agus as na féidearthachtaí faoi Chód Teorainneacha Schengen athbhreithnithe, lena dtreisítear agus lena gcomhlánaítear na bearta atá ann cheana, chun ardleibhéal slándála a áirithiú, gan gá le rialú teorann inmheánaí a athbhunú.

(52) Is iad na hábhair imní slándála na príomhchúiseanna a chuir an tSualainn chun cinn le húdar a thabhairt le hathbhunú an rialaithe teorann inmheánaí. Cuireann dlí an Aontais réimse leathan uirlisí ar fáil cheana féin chun aghaidh a thabhairt ar na hábhair imní sin. Ba cheart do na Ballstáit leas iomlán a bhaint as na sásraí atá ann cheana chun slándáil agus comhar a fheabhsú. Áirítear orthu sin Rialachán Prüm II, Córas Faisnéise Schengen nua agus an reachtaíocht nua maidir le Réamhfhaisnéis faoi Phaisinéirí agus Taifead Ainmneacha Paisinéirí ([6]). Le teacht i bhfeidhm EES agus ETIAS, daingneofar na teorainneacha seachtracha a thuilleadh ([7]).

(53) Áitíonn an Coimisiún go bhfuil an bealach ina ndéantar seiceálacha teorann, is é sin i bhfoirm spotseiceálacha rioscabhunaithe, fós indéanta faoi Airteagal 23 de Chód Teorainneacha Schengen, gan iallach a bheith ann rialú teorann inmheánaí a athbhunú go hoifigiúil ná baint den tslándáil, ar choinníoll nach mbeidh éifeacht choibhéiseach ag na seiceálacha sin le seiceálacha teorann, rud a éilíonn go mbeidh a minicíocht, a ndéine agus a bhfad teoranta i gcónaí ([8]).

(54) Molann an Coimisiún don tSualainn leas iomlán a bhaint as reachtaíocht na Sualainne a tháinig i bhfeidhm an 1 Lúnasa 2023, lenar féidir seiceálacha póilíneachta a dhéanamh i limistéir teorann.

([5]) Moladh (AE) 2024/268 ón gCoimisiún an 23 Samhain 2023 maidir le comhar idir na Ballstáit i ndáil le bagairtí tromchúiseacha ar an tslándáil inmheánach agus ar an mbeartas poiblí sa limistéar gan rialuithe ag teorainneacha inmheánacha (IO L, 2024/268, 17.1.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reco/2024/268/oj).

([6]) Rialachán (AE) 2024/982 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Márta 2024 maidir le cuardach uathoibrithe agus malartú uathoibrithe sonraí le haghaidh comhar póilíneachta, agus lena leasaítear Cinntí 2008/615/CGB agus 2008/616/CGB ón gComhairle agus Rialacháin (AE) 2018/1726, (AE) 2019/817 agus (AE) 2019/818 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (Rialachán Prüm II) (IO L, 2024/982, 5.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/982/oj); Rialachán (AE) 2018/1862 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Samhain 2018 maidir le Córas Faisnéise Schengen (SIS) a bhunú, a oibriú agus a úsáid i réimse an chomhair póilíneachta agus an chomhair bhreithiúnaigh in ábhair choiriúla, lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2007/533/CGB ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1986/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Cinneadh 2010/261/AE ón gCoimisiún (IO L 312, 7.12.2018, lch. 56, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1862/oj); Rialachán (AE) 2025/13 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Nollaig 2024 maidir le réamhaisnéis faoi phaisinéirí a bhailiú agus a aistriú chun cionta sceimhlitheoireachta agus an choireacht thromchúiseach a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/818 (IO L, 2025/13, 8.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2025/13/oj); Treoir (AE) 2016/681 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le húsáid sonraí as an taifead ainmneacha paisinéirí (PNR) chun cionta sceimhlitheoireachta agus coireacht thromchúiseach a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh (IO L 119, 4.5.2016, lch. 132; ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2016/681/oj).

([7]) Ceartúchán ar Rialachán (AE) 2017/2226 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Samhain 2017 lena mbunaítear Córas Dul Isteach/Imeachta (EES) chun sonraí faoi dhul isteach agus imeacht agus sonraí faoi dhiúltú cead isteach náisiúnach tríú tír a chlárú agus iad ag trasnú theorainneacha seachtracha na mBallstát agus lena gcinntear na coinníollacha ar a dtabharfar rochtain ar EES chun críocha fhorghníomhú an dlí, agus lena leasaítear an Coinbhinsiún lena ndéantar Comhaontú Schengen a chur chun feidhme agus Rialachán (CE) Uimh. 767/2008 agus Rialachán (AE) Uimh. 1077/2011 (IO L 327, 9.12.2017, lch. 20, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2017/2226/oj); Rialachán (AE) 2018/1240 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Meán Fómhair 2018 lena mbunaítear Córas Eorpach um Fhaisnéis agus Údarú Taistil (ETIAS) agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1077/2011, (AE) Uimh. 515/2014, (AE) 2016/399, (AE) 2016/1624 agus (AE) 2017/2226 (IO L 236, 19.9.2018, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1240/oj).

([8]) Breithiúnas ón gCúirt an 21 Meitheamh 2017, Imeachtaí coiriúla in aghaidh A, Cás C-9/16 (IO C 277, 21.8.2017, lch. 10).

(55) Ar bhonn scála agus cineál na mbeart malartach atá curtha i bhfeidhm ag údaráis na Sualainne, ba cheart don tSualainn oibriú chun deireadh a chur de réir a chéile le rialú ag teorainneacha inmheánacha na Sualainne. Fanfaidh an Coimisiún i ndlúth-theagmháil leis na Ballstáit uile lena mbaineann chun an sprioc sin a bhaint amach.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 2 Meitheamh 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
Magnus BRUNNER
Comhalta den Choimisiún